22 Nollaig 2020

Cinneadh eisithe ar iarratas ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí maidir le 426 uimh. aonad cónaithe (237 uimh. teach, 189 uimh. árasán) agus oibreacha gaolmhara láithreáin ag Corr na mBeach, Cluain Bhorraisc agus Cuasán, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

Uimhir thagartha an cháis: ABP-307508-20

Tá cead tugtha ag an mBord Pleanála le haghaidh na forbartha beartaithe.

Cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 8 Iúil 2020 agus cinneadh é ar an 27 Deireadh Fómhair 2020.

San áireamh sa phróiseas iarratais bhí tréimhse chomhairliúcháin phoiblí a lean comhairliúchán réamhiarratais a rinneadh i gcomhar leis an mBord Pleanála agus leis an údarás áitiúil lena mbaineann.

Tá na príomhdhoiciméid a bhaineann le cinneadh an Bhoird (Tuairisc an Chigire, Ordú an Bhoird, Treoir an Bhoird) ar fáil mar seo a leanas:

- Cásleathanach le haghaidh http://www.pleanala.ie/casenum/307508_ga.htm

Gheofar treoir mhionsonraithe maidir le Forbairtí Tithíochta Straitéisí d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ag www.pleanala.ie/index_ga.htm. Gheofar faisnéis bhreise ag bord@pleanala.ie.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe). Gheofar eolas praiticiúil ar an modh athbhreithnithe ag www.pleanala.ie/about/legal/index_ga.htm agus ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh https://www.citizensinformation.ie/ga/.